Gaeilge neamhfhoirmiúil

D'fhéadfaí *Gaeilge neamhfhoirmiúil* a mhíniú mar an méid Gaeilge a shealbhaíonn foghlaimeoir go nádúrtha i gcomhthéacs cumarsáide. I bhformhór na mbunscoileanna, is beag leanbh a chloiseann an Ghaeilge lasmuigh den scoil ach amháin ar TG4 anois is arís. Mar sin braitheann cur chun cinn na Gaeilge i gcás leanaí ar an scoil féin agus ar ghairmiúlachas an mhúinteora aonair. Gheofar thíos roinnt leideanna ar conas tacú le forbairt na *Gaeilge neamhfhoirmiúla* i do scoilse.

Dhá ghné atá le breithniú anseo: úsáid na Gaeilge neamhfhoirmiúla le linn an cheachta Ghaeilge, agus lasmuigh de.

Úsáid na Gaeilge le linn an cheachta Ghaeilge

Is é bunphrionsabal úsáid na Gaeilge neamhfhoirmiúla sa cheacht foirmiúil Gaeilge ná go múintear gach cuid den cheacht trí Ghaeilge. Is iomaí buntáiste atá aige sin:

- fíorchumarsáid mhacánta
- lántumadh sa Ghaeilge le linn an cheachta
- feabhas ar chumas an dalta díriú isteach agus éisteacht – ní mór don leanbh éisteacht go haireach leis an múinteoir chun an méid atá á rá a thuiscint
- tuiscint fheabhsaithe ar fhónaic agus ar cheangal fuaimeanna
- inspreagadh níos fearr chun an Ghaeilge a fhoghlaim toisc go bhféachtar uirthi mar theanga bheo arbh fhiú í a fhoghlaim agus ar féidir cumarsáid a dhéanamh inti.

Úsáid na Gaeilge le linn an lae scoile

An réasúnaíocht atá le Gaeilge a fhoghlaim go teagmhasach lasmuigh den cheacht teanga ná am teagmhála an linbh leis an teanga a mhéadú toisc:

- ag brath ar leibhéal an ranga, ní mhúintear an Ghaeilge sa bhunscoil ach ar feadh idir 2 agus 3 uair an chloig sa tseachtain. Mar sin, is deacair do leanaí an Ghaeilge a shealbhú i gcomhthéacs.
- ach úsáid na Gaeilge a mhéadú lasmuigh den cheacht foirmiúil cloiseann leanaí níos mó Gaeilge agus is fusa dóibh í a shealbhú dá bharr
- athneartaíonn an teagmháil sin an méid atá foghlamtha acu sa rang nuair a úsáideann leanaí focail agus nathanna a d'fhoghlaim siad sa cheacht i gcomhthéacsanna nua.

Pleanáil na Gaeilge neamhfhoirmiúla

☑ Bíodh **plean** agat. Ní mór dul i mbun pleanála go foirmiúil don *Ghaeilge neamhfhoirmiúl* ionas go mbeidh deis ag pobal uile na scoile a bheith bainteach leis an bpleánáil agus leis an bpróiseas feidhmithe.

☑ Ní mór don **scoil iomlán** cinneadh a dhéanamh faoin tslí a gcuirfear le húsáid na *Gaeilge neamhfhoirmiúla.*

☑ Bíodh **struchtúr** ann ar féidir le múinteoirí cur leis. Sheachnódh sé sin athrá bliain i ndiaidh bliana, a dhéanann rud leadránach den *Ghaeilge neamhfhoirmiúil.*

☑ Ceap **seicliosta** de nathanna a bheidh le forbairt ó rang go rang aníos tríd an scoil. Léigh *Gaschaint* le hÚna Lawlor chun liosta nathanna úsáideacha a fháil.

☑ Athneartaigh na **nathanna pleanáilte** seo tríd iad a úsáid go leanúnach gach uair agus gach áit is féidir i gcaitheamh an lae scoile.

☑ Bíodh **forchéimniú** i gceist sa phleanáil. Mar shampla, má bhíonn nath ag rang a dó ar nós *Tá (sé sin) go maith* ba cheart an teanga a fhorbairt i gcás rang a sé le leithéidí *ar fheabhas ..go hiontach .. thar barr.. thar cionn ... dochreidte.*

☑ Bíodh **modh measúnaithe** aontaithe ann chun éifeachtacht an phlean maidir le *Gaeilge neamhfhoirmiúil* a mheas. D'fhéadfaí próifílí a úsáid le dul chun cinn sa Ghaeilge a mheas, agus critéir a aontú idir na múinteoirí.

☑ Ceap **éascaitheoir.** Tá sé tábhachtach go mbeadh duine éigin freagrach as an plean a stiúradh, a chomhordú agus a chur chun feidhme.

Leideanna don mhúinteoir

☑ **Beannaigh do na leanaí** agus tabhair treoracha simplí dóibh i nGaeilge i gcaitheamh an lae, lasmuigh den cheacht foirmiúil Gaeilge. Mar shampla, *Céard a tharla? Cuir ort do chóta* agus mar sin de.

☑ Bíodh an gnó **i siopa agus in oifig na scoile** i nGaeilge. Deis í sin do leanaí an Ghaeilge a úsáid agus shocródh sé spriocanna dóibh maidir leis an méid nár mhór dóibh a bheith in ann a rá agus a thuiscint chun rudaí éagsúla a dhéanamh.

☑ Bíodh **Lá na Gaeilge** ann uair sa tseachtain. Is iomaí scoil a reáchtálann gníomhaíochtaí spéisiúla le linn *Sheachtain na Gaeilge* ach ní mór úsáid na Gaeilge neamhfhoirmiúla a chur chun cinn an chuid eile den bhliain chomh maith ionas go mbeidh leanúnachas ann.

☑ Bíodh **córas luach saothair** ann do labhairt na Gaeilge. Mar shampla, d'fhéadfaí ligean do rang leanaí féachaint ar scannán nó ar chartún as Gaeilge mar dhuais as Gaeilge a labhairt ina measc féin nó leis an múinteoir. Beir ar leanaí a labhraíonn Gaeilge sa chlós. Is breá leo é sin!

☑ Bíodh **seomra acmhainne** ann**.** D'fhéadfaí stór acmhainní a bhailiú agus a choimeád in áit áisiúil chun tacú le húsáid na Gaeilge. Mar shampla*, foclóirí Gaeilge go Gaeilge, acmhainní leictreonacha, ábhair idirghníomhacha do chláir bháin, leabhair, srl.*

☑ Múin ceacht nó ábhar eile nó cuid de trí mheán na Gaeilge. ***Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha*** (CLIL as Béarla) a thugtar air sin. Mar shampla, d'fhéadfaí codanna den cheol, den chorpoideachas, den OSPS nó d'ábhair eile nó ábhar iomlán fiú, a mhúineadh trí Ghaeilge.

☑ Freagair ***as Gaeilge*** már chuirtear ceist ort i mBéarla. Mar shampla, Leanbh: *Will you open my bottle, please?* Múinteoir: *Cinnte, osclóidh mé do bhuidéal…seo duit…tá sé ar oscailt anois…maith an buachaill/maith an cailín.*

☑ Tapaigh an deis nuair a bhíonn an **rolla á ghlaoch.** Iarr ar na leanaí a n-ainmneacha a thabhairt i nGaeilge agus abairt amháin a rá, m.sh. *Mise Seán Ó Riain, chuaigh mé ag snámh inné.* Lean leis sin chun *foclóir, nathanna, briathra* agus mar sin de atá á múineadh agat sa cheacht foirmiúil a athneartú. Ná lig do na leanaí an nath céanna a úsáid, leanbh i ndiaidh linbh, ach bídís ag éisteacht lena chéile agus ag cumadh a nathanna féin.

☑ Cruthaigh **comhthéacs plé** idir phéirí leanaí. M.sh., *tabhair grianghraf as nuachtán dóibh. Leanaí atá at tosú ar an nGaeilge a úsáid, iarr orthu focail a thabhairt le cur síos ar an bpictiúr. I gcás leanaí a bhfuil scileanna breise teanga forbartha acu, iarr orthu idir 30 agus 60 soicind a chaitheamh ag cur síos ar an ngrianghraf.*

☑ **Roinntear smaointe**. Eagraigh deiseanna chun an rud atá á dhéanamh i scoileanna eile a fheiceáil agus smaointe a roinnt leo. Féach ar ghearrthóga físéipe go bhfeicfidh tú an Ghaeilge á múineadh trí mheán na Gaeilge.

☑ Bíodh na **tuismitheoirí** bainteach leis**.** Féadfaidh siad a bheith ina n-acmhainn. Iarr orthu roinnt Gaeilge a úsáid sa bhaile.

☑ Má tharlaíonn nach dtuigeann na leanaí na treoracha nó an comhrá ar dtús, ná bíodh **lagmhisneach** ort. Mínigh don rang an fáth leis an nGaeilge a úsáid go neamhfhoirmiúil agus an tslí a chabhróidh sé lena gcuid foghlama. Má aistríonn na leanaí an Ghaeilge ar son a chéile ná ní buartha, cuid den phróiseas foghlama teangacha í sin.

Gaeilge neamhfhoirmiúil... *sealbhú na Gaeilge tríd an gcumarsáid nádúrtha.*

Eolas agus ábhar léitheoireachta eile

Cuid de shraith acmhainní ar líne an leathanach eolais seo, a ceapadh trí obair Líonra Bunscoileanna an CNCM . Achoimríe is ea é ar na príomhphointí ó phodchraoladh mar gheall ar an nGaeilge neamhfhoirmiúil atá le cloisteáil ag **www.ncca.ie/en/podcasts**.

Tá tuilleadh eolais mar gheall ar Líonra na mBunscoileanna ag **www.ncca.ie/forualachcuraclaim**